| | | |
|---|---|---|
| **1.** | An raibh tú thar lear riamh? | Were you ever overseas? |
| | *Bhí.* | *Yes.* |
| | Cén tír ina raibh tú? | Which country were you in? |
| | *Bhí mé in Éirinn.* | *I was in Ireland.* |
| | An bhfuil muintir agat i dtír eile? | Do you have relatives in another country? |
| | *Tá. Tá col ceathrar agam i Sasana.* | *Yes. I have a cousin in England.* |
| | An ndeachaigh tú ar bhád farantóireachta riamh? | Did you ever go on a ferry? |
| | *Chuaigh. Thug mé mo charr air.* | *Yes. I took my car on it.* |
| **2.** | An cuimhin leat áit a ndeachaigh tú a thaitin go mór leat? | Do you remember a place that you went that you really liked? |
| | *Is cuimhin. Chuaigh mé go hÉirinn.* | *Yes. I went to Ireland.* |
| | Ar ith tú bia faoi leith a thaitin go mór leat? | Did you eat a particular food that you really liked? |
| | *D'ith. Bhí anraith silíní agam san Ungáir.* | *Yes. I ate cherry soup in Hungary.* |
| **3.** | Cad a rinne tú an tseachtain seo? | What did you do this week? |
| | *Bhí mé ag bainis mo charad.* | *I was at my friend's wedding.* |
| | Cá ndeachaigh tú? | Where did you go? |
| | *Chuaigh mé ag snámh le mo mhac.* | *I went swimming with my son.* |
| | Cad a chonaic tú? | What did you see? |
| | *Chonaic mé mo chairde.* | *I saw my friends.* |

## Amhrán na Mara (Úna Levy) — Song of the Sea

| | Amhrán na Mara (Úna Levy) | Song of the Sea |
|---|---|---|
| 1. | Amuigh ar an fharraige, tá an bád farantóireachta ag teacht. | Out on the sea, the ferry is coming. |
| 2. | Tá Mairnéalach Dan i mbun an tsoithigh. | Sailor Dan is in charge of the vessel. |
| 3. | Níl ach paisinéir amháin aige, Mamó aosta ghránna ina carr beag cathrach. | He only has one passenger, an ugly old Grandma in her little town car. |
| 4. | Tá Mamó anseo le breithlá Shaoirse a cheiliúradh, | Grandma is here to celebrate Saoirse's birthday, |
| 5. | ach gan mhoill tosaíonn sí ag gearán faoin tógáil atá na páistí ag fáil i dteach an tsolais. | but without delay she begins complaining about the upbringing that the children are getting in the lighthouse. |
| 6. | Tá faitíos ar Ben go dtógfaidh sí iad chun cónaí léi sa chathair. | Ben is worried that she will take them to live with her in the city. |
| 7. | Thuas i seomra na bpáistí, tá Mamó ag tabhairt ar Shaoirse gúna míofar bándearg a chur uirthi. | Up in the children's room, Grandma is giving Saoirse an ugly pink dress to put on. |
| 8. | Nuair a fhágann Mamó an seomra feiceann Saoirse sliogán speisialta Ben. | When Grandma leaves the room, Saoirse sees Ben's special shell. |
| 9. | Séideann leoithne gaoithe tríd an sliogán agus baineann sé nóta binn ceoil as. | A puff of wind blows through the shell and gets a sweet musical note from it. |
| 10. | Tá fearg ar Ben nuair a fheiceann sé Saoirse lena shliogán agus baineann sé an sliogán di. | Ben is angry when he sees Saoirse with his shell and he takes the shell from her. |
| 11. | Ag cóisir an lá breithe, tá Mamó ag socrú ceamara le grianghraf de Shaoirse a ghlacadh ag séideadh amach na gcoinnle. | At the birthday party, Grandma is arranging a camera to take pictures of Saoirse blowing out the candles. |
| 12. | Ach tá fearg fós ar Ben. | But Ben is still angry. |
| 13. | Go díreach nuair atá Saoirse réidh leis na coinnle a shéideadh, | Just when Saoirse is ready to blow out the candles, |

| | | |
|---|---|---|
| 14. | brúnn sé a haghaidh isteach sa cháca. | he pushes her face into the cake. |
| 15. | Cuirtear Ben chuig a sheomra leapa. | Ben is sent to his bedroom. |
| 16. | An oíche sin, téann Conor go tír mór le Mairnéalach Dan | That night, Conor goes to the mainland with Sailer Dan. |
| 17. | agus fanann Mamó le haire a thabhairt do na páistí. | and Grandma stays to take care of the children. |
| 18. | Insíonn Ben scéal scáfar do Shaoirse faoi Mhacha, Cailleach na nUlchabhán. | Ben tells Saoirse a scary story about Macha, the Owl Witch. |
| 19. | Tá scéin ar Shaoirse bheag nuair a insíonn Ben di faoin dóigh a rinne Macha clocha de dhaoine | Little Saoirse is terrified when Ben tells her about how Macha made stones out of people. |
| 20. | trína mothúcháin a ghoid lena bprócaí draíochta. | by stealing their feelings with their magical jars. |
| 21. | Rinne sí oileán cloiche dá mac féin, an fathach Mac Lir. | She made a stone island for her own son, the giant Mac Lir. |
| 22. | B'fhéidir go ndéanfadh sí an rud céanna do Chonor. | Maybe she would do the same thing to Conor. |
| 23. | "Ansin ní bheidh grá ag éinne duit," arsa Ben. | "Then nobody will love you," said Ben. |
| 24. | Téann Saoirse i bhfolach faoina pluideanna ag crith le heagla. | Saoirse hides beneath her blankets, shaking with fear. |
| 25. | Tá aiféala ar Ben. | Ben feels bad. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| 1. | Cad atá ag teacht ar an bhfarraige? | What is coming on the sea? |
| 2. | Cé atá i mbun an tsoithigh. | Who is in charge of the vessel. |
| 3. | Cé atá ag téacht ina carr? | Who is coming in her car? |
| 4. | An duine deas í, meas tú? | Do you think she's a nice person? |
| 5. | An bhfuil sí sásta le tógáil na bpáistí? | Is she happy with the raising of the kids? |
| 6. | Cén lá speisialta atá ann? | What special day is it? |
| 7. | Cad a thug an bhean do Shaoirse? | What did the woman give Saoirse? |
| 8. | Cad a chonaic Saoirse? | What did Saoirse see? |
| 9. | Cad a rinne an leoithne gaoithe? | What did the puff of wind do? |
| 10. | An raibh Ben sásta? | Was ben happy? |
| 11. | Cad a rinne Ben do Shaoirse ag an gcóisir? | What did Ben do to Saoirse at the party. |
| 12. | Cén fáth go raibh eagla ar Shaoirse? | Why was Saoirse afraid? |